




# Feabhsú Fearainn Phoiblí Chathair Saidhbhín

## Cuid 8 Straitéis Dearaidh

Samhain 2023

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe
Rural Regeneration and Development Fund

Comhar, Cabhair, Cáirdeas

ilsa rutgers landscape architecture

## Baile Chathair Saidhbhín

Tá Baile Chathair Saidhbhín lonnaithe in iardheisceart Chiarraí ar shlí Fháinne Chiarraí agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is baile tábhachtach tuaithe í Cathair Saidhbhín atá rangaithe mar bhaile réigiúnach i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí, ó tharla gurb í an príomhbhaile ar Leithinis Uíbh Ráthach. Tá Cathair Saidhbhín lonnaithe i gceantar toghchánaíochta Chathair, i mBarúntacht Uíbh Ráthach. Ó thaobh feidhmíochta de tá sí mar chuid de Bhardas Cheantair An Neidín. Tá sí 66km ó Thrá Lí - príomhbhaile an chontae, 62km ó Chill Airne ó thuaidh agus 77km ó Chinn Mhara ó dheas agus soir. Tá lár ionaid uirbeacha Chorcaigh, Luimneach agus Bhaile Átha Cliath, 150km, 155km agus 354km ó bhóthar.

I 2018 rinne Comhairle Contae Chiarraí agus Comhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas coimisiúnú ar a Phlean Socheacnamaíoch do Chathair Saidhbhín. Ina theannta sin cuireadh Plean Áitiúil le chéile do cheantar Uíbh Ráthach (Cathair Saidhbhín san áireamh) agus ghlac Comhairle Contae Chiarraí leis i mí Meán Fómhair 2019. As an doiciméad seo, a cuireadh le chéile i gcomhar leis na páirtithe leasmhara, d'eascair na tosaíochta do thogra Athnuachana Tuaithe Chathair Saidhbhín.

## Togra Athnuachana Lárbhaile Chathair Saidhbhín

I 2020 fuair Comhairle Contae Chiarraí maoiniú de €2,056,380 ón Roinn Tuaithe agus Forbartha Pobail faoi Chatagóir 2 (Dearadh) ó Chiste Athbheochana agus Forbartha Tuaithe do Thogra Athnuachana Lárbhaile Chathair Saidhbhín.
Tá Plean Forbartha Fearainn Chathair Saidhbhín tógtha ar cheantair Lár an Bhaile ar a dtugtar ‘Ceathrú Dhónaill Uí Chonaill’ agus Zón Imeall an Uisce mar atá léirithe ar an líníocht Innealtóireachta agus Ailtireachta agus go deimhin na naisc láidre eatarthu beirt.

- Cuirfidh an Plean Forbartha Fearainn agus an Plean Bainistíochta Gluaiseachta níos mó fonn ar dhaoine a theacht chuig agus am a chaitheamh i gCathair Saidhbhín. Déanfaidh an Plean Bainistíochta Gluaiseachta an baile a bhogadh i dtreo Imeall an Uisce agus tabharfar deiseanna páirceála do bhusanna, áit do shiúlóirí/rothaithe, agus deis do chuairteoirí níos mó ama a chaitheamh san áit. Déanfar leas leis freisin chomh fada agus a bhaineann le háit Chathair Saidhbhín a dhaingniú mar bhaile réigiúnach a dhéanann ionadaíocht ar cheantar Uíbh Ráthach agus ar an gceantar Gaeltachta.
- Déanfar an baile a fhorbairt ar bhealach dearfach i dtreo an uisce trí bhéim a chur ar Áiseanna ar Imeall an Uisce agus ar oidhreacht mhuirí an bhaile.

Tógann an togra seo ar íomhá aonarach Chathair Saidhbhín tríd athnuachan a dhéanamh ar na fearainn phoiblí. Cuirfidh siad seo chun cinn oidhreacht chultúrtha, ailtireachta agus nádúrtha Chathair Saidhbhín. Cuirfidh na feabhsúcháin go mór le tarraingteacht, inrochtaineacht agus caighdeán maireachtála an bhaile dóibh siúd atá ina gcónaí anseo agus freisin do chuairteoirí cibé cén aois, agus cuirfear béim arís ar an ról atá ag an mbaile mar bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus mar hub turasóireachta do Leithinis Thiar Uíbh Ráthach.

## Nascacht Coisithe a fheabhsú

Laghdaigh leithead an bhóthair do thrácht aontreo agus leathnaigh an cosán. Cruthaigh gairdín báistí le crainn agus plandaí agus déan nasc idir Bóthar an Fhaiche Ghlas agus an Phríomh Bhóthar

Foirgneamh na Leabharlanna

Stáisiún Seirbhíse

An Fhaiche Ghlas



An Nascacht atá Molta don Fhaiche Ghlas

**Suíocháin Sraithe Nua**

Tóg suíocháin coincréit isteach san fhána ionas go mbeidh an pobal in ann taitneamh a bhaint as an bhFaiche Ghlas.

**Crainn Nua**

**Áit Nua Taibhealaíne ar Thalamh Crua**

An Fhaiche Ghlas



**An Athnuachan agus Nascacht atá Molta don Fhaiche Ghlas**

Suíomh Nua ar Imeall an Uisce

New Development Site with enhanced connection to the waterfront.

Clárchosán nua molta

Foirgnimh Cúnamh Dlí

Imeall an Uisce



Imeall an Uisce